An t-eolas atá uait faoi scagthástáil fola na naíonán nuabheirthe - “priocadh na sáile”

Eolas do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí

The National Healthy Childhood Programme

hi Healthy Ireland

Sa chéad seachtain i ndiaidh bhreith do linbh, tairgfear scagthástáil fola na naíonán nuabheirthe duit do do leanbh. Is minic a thugtar 'priocadh na sáile' ar an tástáil seo.

Is cuid riachtanach de chuid chúram na leanaí nuabheirthe é scagthástáil fola na naíonán nuabheirthe. Cabhraíonn an scagthástáil seo le leanaí a aithint, a bhfuil ardphriacal ann gurbh fhéidir fadhb shláinte neamhchoitianta nó tromchúiseach a bheith acu. Ní bheidh aon cheann de na fadhbanna seo ag formhór na leanaí ar a ndéantar an scagthástáil seo. Ach tá leasanna na scagthástála ollmhór don líon beag leanaí a mbíonn na fadhbanna sláinte seo acu.

Céard iad na fadhbanna sláinte a chlúdaítear i scagthástáil fola na naíonán nuabheirthe?

In Éirinn déantar scagthástáil ar gach leanbh le haghaidh:

- Fiobróis chisteach
- Hipitíoróideacht ón mbroinn
- Feinilcéatónúire
- Galar fuail na síoróipe mailpe
- Homaicistíonúire
- Galachtóiséime chlasaiceach
- Glutaric aciduria chineál 1
- Easpa dhihidrigionáise de haicil CoA mheánshlabhraithe
- Comheaspa imdhíonachta throm uireasa dí-aimíonáise adanóisín

Is féidir tuilleadh léitheoireachta a dhéanamh ar na fadhbanna sláinte neamhchoitianta seo ar www.newbornscreening.ie. Is féidir leat an t-ábhar seo a phlé leis an gcnáimhseach nó an altra sláinte poiblí chomh maith.

Cén fáth go mbeadh ceann de na fadhbanna sláinte seo ag mo leanbh?

Tagann formhór na bhfadhbanna sláinte seo ón mbroinn. Ciallaíonn sé seo go bhfaigheann an leanbh na géinte ba chúis leis an bhfadhb shláinte óna dtuismitheoirí. Ciallaíonn sé chomh maith, go bhfuil baol ann go mbeadh an fhadhb shláinte chéanna ag leanaí eile a bhéarfaí do na tuismitheoirí céanna.

Cén fáth gur chóir dom an scagthástáil a fháil do mo leanbh?

Gach bliain, aithníonn scagthástáil fola na naíonán nuabheirthe thart ar 110 leanaí a bhfuil ceann de na fadhbanna sláinte neamhchoitianta ach tromchúiseacha seo acu. Is féidir sláinte na leanaí seo a láimhseáil sula bhforbraíonn siomptóim thromchúiseacha. Gan iad a láimhseáil i gceart, is féidir go mbeadh na fadhbanna sláinte seo ina bpriacal tromchúiseach don tsláinte nó don bheatha.

Bíonn roinnt tuismitheoirí buartha go mbeadh a leanbh faoi mhíchompord le linn phriocadh na sáile. Ach tá tairbhe fhadtéarmach na scagthástála i bhfad níos mó ná an mionmhíchompord a mhothaíonn leanbh nuair a ghlactar an sampla fola.

Cathain a dhéantar an scagthástáil?

Is gnách go ndéantar scagthástáil fola na naíonán nuabheirthe idir trí agus cúig lá i ndiaidh bhreith do linbh.

Conas a dhéantar an scagthástáil?

Priocfaidh an cnáimhseach no an t-altra sláinte poiblí sáil do linbh le snáthaid steiriúil chun cúpla deor fola a bhailiú ar chárta speisialta. Ansin béarfaidh siad greim ar rúitín do linbh le cinntiú go rachaidh an fhuil ar an gcárta. Seans go dtógfaidh sé seo cúpla nóiméad. Seans go mothóidh do leanbh míchompordach agus go gcaoinfidh sé. Is féidir leat cabhrú agus tú ag cinntiú go bhfuil do leanbh te teolaí agus compordach agus tú ag tabhairt barróga dó agus á bheathú.

Céard a tharlaíonn nuair atá priocadh na sáile déanta?

Nuair a bhailítear an sampla, seoltar an cárta chuig Saotharlann Náisiúnta Scagthástáil Fola na Naíonán Nuabheirthe ag Sláinte Leanaí Éireann, Sráid Temple.

Céard a tharlaíonn do chárta scagthástála mo linbh i ndiaidh na scagthástála?

I ndiaidh na scagthástála, stóráiltear na torthaí agus an cárta i Sláinte Leanaí Éireann, Sráid Temple, mar chuid de thaifead sláinte do linbh. Stórálfar an cárta go sábháilte

ar feadh 10 mbliana ar a laghad, agus ina dhiaidh sin gheofar réidh leis de réir an pholasaithe reatha.

Is féidir na cártaí stóráilte a úsáid chun:

- torthaí do linbh a sheiceáil, nó do thástálacha eile a mholann do dhochtúir (nuair a thugann tú cead)
- dearbhú cáilíochta (feabhsú) a bhaint amach maidir leis an gclár scagthástála

Ar chóir go ndéanfaí scagthástáil ar mo leanbh níos mó ná uair amháin?

Uaireanta ní bhíonn toradh scagthástála soiléir nó uaireanta ní bhailítear go leor fola. Má tharlaíonn sé seo, tá seans ann go mbeidh ar do chnáimhseach nó d'altra sláinte poiblí teagmháil a dhéanamh leat chun an dara sampla fola a ghlacadh ó sháil do linbh.

Conas a chuirfear na torthaí in iúl dom?

Mura léiríonn an scagthástáil go bhfuil ardphriacal ann go bhfuil aon cheann de na fadhbanna sláinte ag do leanbh, ní rachfar i dteagmháil leat.

Dá mbeadh cóip de na torthaí scagthástála uait, is féidir ceist a chur ar d'altra sláinte poiblí ar an gcéad chuairt eile.

Dá léireodh an scagthástáil go bhfuil ardphriacal ann go bhfuil ceann de na fadhbanna sláinte ag do leanbh, rachaidh altra nó dochtúir i dteagmháil leat chomh luath agus is féidir.

Céard a tharlódh dá léireodh an scagthástáil go bhfuil priacal ann do mo leanbh?

Má léirítear sa scagthástáil go bhfuil ardphriacal ann do do leanbh, beidh tuilleadh tástálacha ag teastáil le deimhniú nach bhfuil an fhadhb shláinte aige/aici.

Tá seans ann go mbeadh ar do leanbh fanacht san ospidéal ar feadh tamaill ghearr agus é seo á dhéanamh.

Cé chomh maith is atá scagthástáil fola na naíonán nuabheirthe le leanaí a bhfuil ardphriacal ann go bhfuil ceann de na fadhbanna sláinte seo acu a aithint?

Ní thugann scagthástáil fola na naíonán nuabheirthe aon diagnóis. Ní dhéanann sé ach leanbh a bhfuil **'ardphriacal'** ann go bhfuil ceann de na fadhbanna sláinte aige, a ndéantar an scagthástáil dóibh, a aithint.

Uaireanta is féidir go maífeadh torthaí na scagthástála go bhfuil ardphriacal ann go bhfuil ceann de na fadhbanna sláinte ag do leanbh, ach nuair a dhéantar tuilleadh tástálacha, feictear nach bhfuil an fhadhb shláinte ag an leanbh. **'Bréagdheimhneacht'** a thugtar air seo. Is féidir go gcuirfeadh bréagdheimhneachtaí an-bhuairt ar thuismitheoirí agus ar theaghlaigh, ach tá sé thar a bheith neamhchoitianta go dtarlódh siad.

Uaireanta ní aithníonn toradh na scagthástála aon phriacal don tsláinte. **'Bréagdhiúltach'** a thugtar air seo. Ciallaíonn bréagdhiúltach nach léiríonn toradh na scagthástála go bhfuil ardphriacal ann do do leanbh, ach tá seans ann go bhfuil ceann de na fadhbanna sláinte seo acu. Tá bréagdhiúltaigh thar a bheith neamhchoitianta ar fad. Ach má bhíonn aon imní ort faoi do leanbh, pléigh le do dhochtúir teaghlaigh nó le d'altra sláinte poiblí í.

Ba mhaith liom go ndéanfaí scagthástáil ar mo leanbh. Céard ba cheart dom a dhéanamh?

Labhróidh do chnáimhseach nó d'altra sláinte poiblí leat mar gheall ar an scagthástáil agus tabharfaidh siad eolas duit. Le do thoil, léigh an t-eolas go cúramach. Má bhíonn aon cheist agat, cuir ceist ar do chnáimhseach nó d'altra sláinte poiblí.

Más maith leat go ndéanfaí an scagthástáil ar do leanbh, sínigh cárta scagthástála fola na naíonán nuabheirthe a thugtar duit. Agus an cárta seo sínithe agat, deimhníonn tú go bhfuil an t-eolas a thugann tú faoi do leanbh i gceart agus go dtugann tú cead an scagthástáil a dhéanamh.

Céard a tharlaíonn dá mothóinn éiginnte faoin scagthástáil seo?

Má bhíonn tú éiginnte faoin scagthástáil, labhair le do chnáimhseach nó d'altra sláinte poiblí. Beidh siad ábalta d'imní a phlé leat agus tuilleadh a mhíniú faoin scagthástáil.

Má bhíonn tú éiginnte fós, tabharfaidh do chnáimhseach nó d'altra sláinte poiblí an deis duit labhairt le hoifigeach sinsearach i Saotharlann Náisiúnta Scagthástáil Fola na Naíonán Nuabheirthe i Sláinte Leanaí Éireann, Sráid Temple.

Má bheartaíonn tú gan an scagthástáil a dhéanamh ar do leanbh, iarrfar ort foirm a shíniú a deir go dtuigeann tú na priacail atá ann mura ndéantar an scagthástáil ar do leanbh. Má athraíonn tú d'intinn, labhair le d'altra sláinte poiblí nó le do dhochtúir teaghlaigh. Is féidir leo socrú a dhéanamh an scagthástáil a fháil do do leanbh.

Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Le tuilleadh eolais a fháil ar scagthástáil fola na naíonán nuabheirthe:

- tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin www.newbornscreening.ie
- labhair le do chnáimhseach nó le d'altra sláinte poiblí

Plain English
Approved by NALA

Cód ordaithe HNC00755
Nuashonraithe Bealtaine 2022